Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2025**

**CM 3885/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0210(BUD)**

**PROCED**
**BUDGET**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN



| | |
|---|---|
| Teagmháil: | ecofin2a@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 93 50 |
| | + 32 2 281 25 28 |



| | |
|---|---|
| Ábhar: | Glacadh an tseasaimh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2026<br>– *An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh* |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 9 Iúil 2025, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh leis an méid seo a leanas:

– glacadh an Chinnidh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2026, mar a leagtar amach in 11032/25 é, lena nglactar le hathruithe na Comhairle ar an togra ón gCoimisiún, mar a mhínítear in 11029/25 + ADD 1 + ADD 2 + ADD 2 COR 1 REV 3, agus é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– sainordú a thabhairt don Uachtaránacht an seasamh ón gComhairle mar aon leis an meabhrán míniúcháin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 314(3) CFAE, agus an dréachtlitir chuige sin a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann le 11029/25 a fhormheas;

– formheas na ráiteas tionlacain ón gComhairle, mar a leagtar amach in 11029/25 ADD 1 iad.

**Iarrtar oraibh 'AONTAÍMID', 'NÍ AONTAÍMID' nó 'STAONAIMID' a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 12.00 (am na Bruiséile) Dé hAoine, an 5 Meán Fómhair 2025, ar a dhéanaí**. Ba cheart iad a chur le r-phost chuig **grazia- mattea.targa@consilium.europa.eu**, **aimar.ferranguijarro@consilium.europa.eu**, **karen.geeraert@consilium.europa.eu** agus **athanasios.gkoutlas@consilium.europa.eu**.